OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA
BHAILE ÁTHA CLIATH
TU DUBLIN
TECHNOLOGICAL
UNIVERSITY DUBLIN

Graduate Research

Technological University Dublin

TU Dublin is a modern technological university providing professional education to doctoral level. It blends the academic excellence of a traditional university with career-focused learning, research, discovery and the application of knowledge.

As a graduate student you will have access to leading experts, state-of-the-art equipment and facilities and will be encouraged to publish and present your research findings at international fora.

Research at TU Dublin addresses key issues of national and global strategic importance. Across the University our researchers and graduate students are working hard to translate their research into new products, processes and policies and develop innovative solutions to next generation problems.

Research Degree Programmes

At TU Dublin, you will develop as a creative, critical and independent researcher and in line with Ireland's National Framework for Doctoral Education, you will have opportunities to develop and practice a range of key transversal skills, including research skills, ethics and social understanding, communication skills, personal development and career management.

Our graduates are engaged, enterprising, enquiring and experts in their chosen subject discipline, competencies that they apply in industry and the professions, providing solutions to global challenges and making demonstrable contributions to society and the economy.

Graduate Research Awards

- Doctor of Philosophy (PhD)
- Doctor of Music (DMus)
- Doctor of Business Administration (DBA)
- Doctor of Creative Practice (DCP)
- Master of Philosophy (MPhil)
- Postgraduate Research Diploma (PgDip)



Admission to all doctorate programmes requires a 1st or upper 2nd class honours bachelor's degree while admission to the master's programme requires a lower 2nd class honours bachelor's degree. It is possible to transfer from the master's programme to the doctorate and to pursue all programmes in full-time or part-time modes.

Professionals who solve practical, real-world problems within their specific industries and are seeking to advance their careers may be interested in our Doctor of Business Administration or Doctor of Creative Practice programmes which are designed to transform professional practice through theory and research.

Professionals who already have a body of publicly-accessible publications or other creative outputs may wish to consider a thesis in the format of prior publications.

TU Dublin also welcomes establishing links with researchers at other universities leading to collaborative and joint awards.

Research Priorities

TU Dublin has a large community of researchers working on a wide range of challenging and pressing topics. We are looking for exceptional candidates to join our research community and contribute to our Research Priorities.

Health and wellbeing for a thriving society

In this research priority our focus is to:

- Understand the foundations of good health and wellbeing, the promotion and maintenance of physical and mental health, and disease prevention, treatment and management.
- Investigate how the built environment, public spaces, transportation, air and water quality, and other environmental factors affect health and wellbeing.
- Examine the impact of behaviours and lifestyle choices on health outcomes.
- Improve the quality of life of individuals, families and communities, as well as influencing health policies and programmes.

Here we align with **SDG 3: Good Health and Wellbeing** and **SDG 11: Sustainable Cities and Communities**.

Transformative digital solutions

In this research priority our focus is to:

- Develop ethical, responsible, sustainable and innovative solutions, such as promoting digital inclusion, enhancing cybersecurity and improving energy efficiency in ICT infrastructures.
- Investigate the impact of digital technologies on society, ethics, epistemology and aesthetics, and digital transformation on health and wellbeing, education and economic development.
- Explore emerging technologies, such as artificial intelligence, blockchain and the Internet of Things.

Here we align with **SDG 9: Industry, Innovation and Infrastructure, SDG 10: Reduced Inequalities** and **SDG 11: Sustainable Cities and Communities**.

Sustainable food systems and environmental protection

In this research priority our focus is to:

- Study sustainable agriculture practices, the impact of climate change on food production and new technologies, embracing the full 'farm to fork' span of sustainable food production.
- Address food safety and quality assurance, waste reduction, the circular bioeconomy, and cultural aspects of food preparation and consumption.
- Explore the impact of human activity on the environment, such as land and marine use, pollution and the loss of biodiversity.

Here we align with **SDG 2: Zero Hunger, SDG 12: Responsible Consumption and Production, SDG 14: Life Below Water** and **SDG 15: Life on Land**.

Materials and technologies for sustainable transformation

In this research priority our focus is to:

- Develop innovative technologies and novel materials in the promotion of health and wellbeing, sustainable manufacturing, environmental protection, clean energy and economic growth.
- Support sustainable production and consumption, job creation, renewable energy, water treatment and environmental remediation.
- Engage in research and innovation projects from foundation science to near-to-market prototypes in partnership with industry.

Here we align with **SDG 6: Clean Water and Sanitation, SDG 7: Affordable and Clean Energy**, **SDG 8: Decent Work and Economic Growth, SDG 12: Responsible Consumption and Production and SDG 13: Climate Action**.

Culture, innovation and inclusivity in a changing society

In this research priority our focus is to:

- Explore how culture, creativity, innovation and entrepreneurship contribute to more inclusive and resilient societies, based on insights from historical, cultural, philosophical and social science scholarship.
- Investigate reducing inequality through the promotion of more inclusive and equitable social, cultural and artistic practices.
- Examine how society, culture and technology interact in shaping sustainable planning and mobility.

Here we align with **SDG 5: Gender Equality, SDG 8: Decent Work and Economic Growth, SDG 10: Reduced Inequalities and SDG 11: Sustainable Cities and Communities**.







Discover Our Research

tudublin.ie/research-innovation/
research/discover-our-research/

Our Faculties & Schools

Faculty of Arts and Humanities

- Culinary Arts & Food Technology
- Tourism & Hospitality Management
- Conservatoire (Music & Drama)
- Social Sciences, Law & Education
- Art and Design
- Media

Faculty of Business

- Business Technology, Retail & Supply Chain
- Global Business
- Marketing & Entrepreneurship
- Accounting, Economics & Finance
- Management, People & Organisations

Faculty of Computing, Digital and Data

- Mathematics & Statistics
- Computer Science
- Informatics & Cybersecurity
- Enterprise, Computing & Digital

Faculty of Engineering, Built Environment & Apprenticeships

- Architecture, Building & Environment
- Surveying & Construction Innovation
- Electrical & Electronic Engineering
- Transport & Civil Engineering
- Mechanical Engineering

Faculty of Sciences and Health

- Biological, Health & Sports Sciences
- Chemical & Biopharmaceutical Sciences
- Food Science & Environmental Health
- Physics, Clinical and Optometric Sciences

How to Apply

The **Graduate Research School Office** welcomes all queries and provides a support service to both current and potential research students and their supervisors.

Interested candidates can propose their own project through an **Expression of Interest Form** or **Find a Project** proposed by one of our expert supervisors.

tudublin.ie/research-innovation/research/postgraduate-research/prospective-students/



Further Information

Graduate Research School

phd@tudublin.ie

tudublin.ie/research-innovation/research/postgraduate-research/

Education in Ireland



High-Quality & Internationally Recognised Qualifications

Irish universities are known for academic excellence and are recognised worldwide, providing graduates with a competitive edge in the global job market

English Language Advantage

For English speakers or those proficient in the language, Ireland offers a seamless cultural and linguistic experience.

Abundant Course Options

Students can choose from a diverse range of courses across various disciplines at world-class universities.

Affordable Education

While costs vary, Ireland is often considered an affordable option for higher education, with competitive tuition fees.

A Great Support System

Universities and colleges provide support networks and resources for international students, making the transition easier.

Gateway to Europe

As the only English-speaking country in the Eurozone, Ireland provides a unique opportunity to gain a European perspective and access the broader continent.

educationinireland.com

OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH
TU DUBLIN
TECHNOLOGICAL UNIVERSITY DUBLIN

Taighde Larchéime

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Is ollscoil teicneolaíochta nua-aimseartha í OT Baile Átha Cliath a chuireann oideachas gairmiúil ar fáil go leibhéal dochtúireachta. Cumascann sé sármhaitheas acadúil ollscoile traidisiúnta le foghlaim atá dírithe ar ghairm bheatha, taighde, fionnachtain agus cur i bhfeidhm eolais.

Mar mhac léinn iarchéime beidh rochtain agat ar phríomh-shaineolaithe, trealamh agus áiseanna úrscothacha agus spreagfar thú chun do chuid torthaí taighde a fhoilsiú agus a chur i láthair ag fóraim idirnáisiúnta.

Tugann taighde in OT Baile Átha Cliath aghaidh ar phríomh-shaincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta agus domhanda ag baint leo. Ar fud na hOllscoile, tá ár gcuid taighdeoirí agus ár gcuid mic léinn iarchéime ag obair go dian chun a gcuid taighde a aistriú go táirgí, próisis agus beartais nua agus réitigh nuálacha a fhorbairt ar fhadhbanna na chéad ghlúine eile.

Cláir Céime Taighde

In OT Baile Átha Cliath, forbróidh tú mar thaighdeoir cruthaitheach, criticiúil agus neamhspleách agus i gcomhréir le Creat Náisiúnta na hÉireann um Oideachas Dochtúireachta, beidh deiseanna agat raon príomhscileanna idirdhisciplíneacha a fhorbairt agus a chleachtadh, lena n-áirítear scileanna taighde, eitic agus tuiscint shóisialta, scileanna cumarsáide, forbairt phearsanta agus bainistíocht gairme.

Tá ár gcuid céimithe dírithe, fiontraíoch, fiosrach agus saineolaithe ina ndisciplín ábhair roghnaithe, sna hinniúlachtaí a chuireann siad i bhfeidhm sa tionscal agus sna gairmeacha, ag soláthar réitigh ar dhúshláin dhomhanda agus ag cur go follasach leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar.



Gradaim Taighde Larchéime

- Dochtúireacht san Fhealsúnacht (PhD)
- Dochtúireacht sa Cheol (DMus)
- Dochtúireacht sa Riarachán Gnó (DBA)
- Dochtúireacht sa Chleactas Cruthaitheach (DCP)
- Máistreacht san Fhealsúnacht (MPhil)
- Dioplóma Taighde larchéime (PgDip)

Teastaíonn céim bhaitsiléara onóracha den chéad ghrád nó den dara grád uachtarach chun dul isteach i ngach clár dochtúireachta agus teastaíonn céim bhaitsiléara onóracha den dara grád íochtarach chun dul isteach i gclár máistreachta. Is féidir aistriú ó mháistreacht go dochtúireacht agus tabhairt faoi gach clár ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha

D'fhéadfadh go mbeadh suim ag gairmithe, a réitíonn fadhbanna praiticiúla sa domhan mar atá laistigh dá gcuid tionscail shonracha agus atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid gairmeacha beatha, inár gcláir Dochtúireacht sa Riarachán Gnó nó Dochtúireacht sa Chleachtas Cruthaitheach atá deartha chun cleachtas gairmiúil a athrú ó bhonn tríd an teoiric agus taighde.

D'fhéadfadh go mbeadh suim freisin ag gairmithe a bhfuil corpas foilseachán atá inrochtana don phobal nó aschur cruthaitheach eile acu cheana féin tráchtas a chur le chéile bunaithe ar réamhfhoilseacháin.

Fáiltíonn OT Baile Átha Cliath freisin roimh naisc a bhunú le taighdeoirí in ollscoileanna eile as a n-eascraíonn comhdhámhachtainí.

Tosaíochtaí Taighde

Tá pobal mór taighdeoirí in OT Baile Átha Cliath atá ag obair ar réimse leathan ábhar dúshlánach agus práinneach. Táimid ag lorg iarrthóirí eisceachtúla chun páirt a ghlacadh inár bpobal taighde agus chun cur lenár gcuid Tosaíochtaí Taighde.

Sláinte agus folláine ar mhaithe le sochaí rathúil

Sa tosaíocht taighde seo, táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Tuiscint a fháil ar bhunchlocha na dea-shláinte agus na dea-fholláine, ar chur chun cinn agus ar chothabháil na sláinte coirp agus meabhairshláinte, agus ar chosc, cóireáil agus bainistiú galar.
- Fiosrú conas a théann an timpeallacht tógtha, spásanna poiblí, iompar, cáilíocht aeir agus uisce, agus tosca comhshaoil eile i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine.
- Scrúdú a dhéanamh ar thionchar iompraíochtaí agus roghanna stíl mhaireachtála ar thorthaí sláinte.
- Feabhas a chur ar cháilíocht beatha daoine aonair, teaghlach agus pobal, chomh maith le tionchar a imirt ar bheartais agus ar chláir sláinte.

Ailínímid anseo le **SFI 3: Dea-Shláinte agus Folláine** agus **SFI 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe**.

Réitigh dhigiteacha chlaochlaitheacha

Sa tosaíocht taighde seo, táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Réitigh eiticiúla, fhreagracha, inbhuanaithe agus nuálacha a fhorbairt, amhail cuimsiú digiteach a chur chun cinn, cibearshlándáil a fheabhsú agus éifeachtúlacht fuinnimh i mbonneagair TFC a fheabhsú.
- Imscrúdú a dhéanamh ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha ar an tsochaí, ar an eitic, ar an eipistéimeolaíocht agus ar an aeistéitic, agus ar an gclaochlú digiteach ar an tsláinte agus ar an bhfolláine, ar an oideachas agus ar an bhforbairt eacnamaíoch.
- Féachaint ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga, blocshlabhra agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla.

Ailínímid anseo le **SFI 9: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar, SFI 10: Éagothroime a Mhaolú** agus **SFI 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe.Beathra Talún**.

Córais bia inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil

Sa tosaíocht taighde seo, táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Staidéar a dhéanamh ar chleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, ar thionchar an athraithe aeráide ar tháirgeadh bia agus ar theicneolaíochtaí nua, ag glacadh leis an réimse iomlán 'ón bhfeirm go dtí an forc' de tháirgeadh bia inbhuanaithe.
- Aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht bia agus dearbhú cáilíochta, laghdú dramhaíola, an bithgheilleagar ciorclach, agus gnéithe cultúrtha d'ullmhú agus de thomhaltas bia.
- Féachaint ar thionchar ghníomhaíocht an duine ar an gcomhshaol, amhail úsáid talún agus mhuirí, truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta.

Ailínímid anseo le **SFI 2: Deireadh le hOcras, SFI 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach, SFI 14: Saol Faoin bhFarraige** agus **SFI 15: Beathra Talún**.

Ábhair agus teicneolaíochtaí le haghaidh claochlú inbhuanaithe

Sa tosaíocht taighde seo, táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Teicneolaíochtaí nuálacha agus ábhair núíosacha a fhorbairt i gcur chun cinn na sláinte agus na folláine, na monaraíochta inbhuanaithe, chosaint an chomhshaoil, an fhuinnimh ghlain agus an fháis eacnamaíoch.
- Tacú le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, cruthú post, fuinneamh in-athnuaite, cóireáil uisce agus feabhsúchán comhshaoil.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde agus nuálaíochta ó bhuneolaíocht go fréamhshamhlacha gar don mhargadh i gcomhpháirtíocht leis an tionscal.

Ailínímid anseo le S**FI 6: Uisce Glan agus Sláintíocht, SFI 7: Fuinneamh Glan agus ar Phraghas Réasúnta, SDG 8: Obair Fhiúntach agus Fás Geilleagrach, SDG 12: Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach** agus **SDG 13: Gníomhú ar son na hAeráide**.

Cultúr, nuálaíocht agus ionchuimsitheacht i sochaí atá ag athrú

Sa tosaíocht taighde seo, táimid ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- Féachaint ar an gcaoi a gcuireann an cultúr, an chruthaitheacht, an nuálaíocht agus an fhiontraíocht le sochaithe níos cuimsithí agus níos athléimní, bunaithe ar léargais ó scoláireacht stairiúil, chultúrtha, fhealsúnach agus eolaíochta sóisialta.
- Imscrúdú a dhéanamh ar an éagothroime a mhaolú trí chleachtais shóisialta, chultúrtha agus ealaíonta atá níos cuimsithí agus níos cothroime a chur chun cinn.
- Imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an tsochaí, an cultúr agus an teicneolaíocht chun pleanáil agus soghluaisteacht inbhuanaithe a mhúnlú.

Ailínímid anseo le **SFI 5: Cothromas Inscne, SFI 8: Obair Fhiúntach agus Fás Geilleagrach, SFI 10: Éagothroime a Mhaolú** agus **SFI 11: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe**.







Aimsigh ár dTaighde

tudublin.ie/research-innovation/research/discover-our-research/

Ár gcuid Dámh ⁊ Scoileanna

Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

- Ealaíona Cócaireachta ⁊ Teicneolaíocht Bia
- Turasóireacht ⁊ Bainistíocht Fáilteachais
- Conservatoire (Ceol ⁊ Drámaíocht)
- Eolaíochtaí Sóisialta, Dlí ⁊ Oideachas
- Ealaín agus Dearadh
- Na Meáin

Dámh an Ghnó

- Teicneolaíocht Gnó, Miondíol ⁊ Slabhra Soláthair
- Gnó Domhanda
- Margaíocht ⁊ Fiontraíocht
- Cuntasaíocht, Eacnamaíocht ⁊ Airgeadas
- Bainistíocht, Daoine ⁊ Eagraíochtaí

Dámh na Ríomhaireachta, Digiteach agus Sonraí

- Matamaitic ⁊ Staitisticí
- Ríomheolaíocht
- Faisnéisíocht ⁊ Cibearshlándáil
- Fiontraíocht, Ríomhaireacht ⁊ Digiteach

Dámh na hInnealtóireachta, na Timpeallachta Tógtha ⁊ na bPrintíseachtaí

- Ailtireacht, Tógáil ⁊ Comhshaol
- Suirbhéireacht ⁊ Nuálaíocht Foirgníochta
- Innealtóireacht Leictreach ⁊ Leictreonach
- Innealtóireacht Iompair ⁊ Shibhialta
- Innealtóireacht Mheicniúil

Dámh na nEolaíochtaí agus na Sláinte

- Eolaíochtaí Bitheacha, Sláinte ⁊ Spórt
- Eolaíochtaí Ceimiceacha ⁊ Bithchógaisíochta
- Eolaíocht Bia ⁊ Sláinte Comhshaoil
- Fisic, Eolaíochtaí Cliniciúla ⁊ Optaiméadrachta

Conas iarratas a dhéanamh

Cuireann **Oifig na Scoile Taighde Iarchéime** fáilte roimh gach ceist agus seirbhís tacaíochta ar fáil do mhic léinn taighde reatha agus féideartha agus dá gcuid maoirseoirí.

Is féidir le hiarrthóirí a dtionscadal féin a mholadh trí **Fhoirm Léirithe Spéise** nó **trí Thionscadal a Aimsiú** arna mholadh ag duine dár gcuid maoirseoirí saineolacha.

tudublin.ie/taighde-nuálaíocht/taighde/taighde iarchéime/mic léinn ionchasacha



Tuilleadh Eolais

Scoil Taighde Iarchéime

phd@tudublin.ie

tudublin.ie/research-innovation/research/postgraduate-research/

OIDEACHAS IN ÉIRINN



Ardcháilíocht ⁊ Cáilíochtaí Aitheanta go hIdirnáisiúnta

Tá cáil ar ollscoileanna na hÉireann as barr feabhais acadúil agus aithnítear iad ar fud an domhain, rud a thugann buntáiste iomaíoch do chéimithe sa mhargadh fostaíochta domhanda.

Buntáiste an Bhéarla

Cuireann Éire taithí chultúrtha agus theangeolaíoch ar fáil go saoráideach do chainteoirí Béarla nó dóibh siúd atá inniúil sa teanga.

Rogha Fhlúirseach Cúrsaí

Is féidir le mic léinn rogha a dhéanamh ó réimse éagsúil cúrsaí ar fud disciplíní éagsúla in ollscoileanna den scoth.

Oideachas Inacmhainne

Cé go mbíonn éagsúlacht ann ó thaobh costais de, is minic a mheastar gur rogha inacmhainne don ardoideachas í Éire, le táillí teagaisc iomaíocha.

Córas Tacaíochta Iontach

Cuireann ollscoileanna agus coláistí líonraí tacaíochta agus acmhainní ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta, rud a éascaíonn an t-aistriú.

Tairseach chun na hEorpa

Mar an t-aon tír ina labhraítear Béarla i limistéar an Euro, tugann Éire deis uathúil le peirspictíocht Eorpach a fháil agus rochtain a fháil ar an mór-roinn i gcoitinne.

educationinireland.com